Athbhreithnithe Mí na Nollag 07

MOLADH
(Ó LIA-CHLEACHTÓIR CLÁRAITHE)
I GCOMHAIR GHLACADH ISTEACH AINNEONACH DHUINE FÁSTA
(CHUIG IONAD CEADAITHE)

FOIRM 5
AN tACHT MEABHAIR-SHLÁINTE 2001
ALT 10
LEATHANACH 1 DE 2

CEANNLITREACHA BLOIC (Léigh na nótaí thall roimh duit an fhoirm seo a chomhlánú)
Faoi réir Chuid 2 den Acht Meabhair-Shláinte 2001

Molaimse, _____ (Ainm Iomlán Liachleachtóra Cláraithe)

1. Seoladh Iomlán Liachleachtóra Cáilithe

2. Liachleachtóir Cláraithe Uimhir Cláraithe ☐☐☐☐☐☐ Is mise liachleachtóir ginearálta an duine Is mé ☐ Ní mé ☐

go ndéanfaí

3. Ainm Iomlán agus Seoladh Baile an DUINE ábhar an mholta

4. Dáta Breithe NÓ Aois (mura bhfuil Dáta Breithe ar eolas) ☐☐/☐☐/☐☐☐☐ Aois: _____ Inscne F ☐ B ☐

a ghlacadh isteach in

5. Ainm agus seoladh Ionaid Cheadaithe

Is é an uair deireanach a ndearna mé scrúdú ar an duine ná

6. Dáta: ☐☐/☐☐/☐☐☐☐ Am: ☐☐:☐☐ (clog 24 uair m.sh. scríobhtar 2.41i.n. mar 14.41)

A bhí laistigh de 24 uair ón am a fuarthas an t-iarratas i gcomhair ghlacadh isteach ainneonach arna dhéanamh an ☐☐/☐☐/☐☐☐☐ ag;

(Ainm an Iarrthóra)

7. I mo bharúil féin tá neamhord meabhrach ag cur ar an duine mar-
(a) go bhfuil dóchúlacht mhór ann, mar gheall ar an tinneas, ar an míchumas nó ar an néaltrú, go ndéanfaidh an duine lena mbaineann díobháil láithreach agus tromchúiseach dó féin nó di féin nó do dhaoine eile, ☐
NÓ
(b) (i) mar gheall ar dhéine an tinnis, an mhíchumais nó an néaltraithe, go bhfuil dochar chomh mór sin déanta do bhreithiúnas an duine lena mbaineann gur dócha, mura ndéanfaí é nó í a ghlacadh isteach in ionad ceadaithe, go dtiocfadh meath mór ar a riocht nó go gcoiscfí cóireáil chuí a thabhairt dó nó di, ar chóireáil í nach bhféadfaí a thabhairt ach amháin tríd an duine a ghlacadh isteach amhlaidh,
AGUS
(ii) (ii) gur dócha, dá ndéanfaí an duine lena mbaineann a ghlacadh isteach, a choinneáil agus a chur faoi chóireáil in ionad ceadaithe, gur thairbhe don riocht atá ar an duine sin nó go maolófaí an riocht sin go feadh méid ábhartha. ☐
NÓ
(a) (mar atá thuas) agus (b) (mar atá thuas) ☐

Tá mo thuairim ag (a) nó (b) thuas bunaithe ar na cúiseanna seo a leanas

8. Tabhair cur síos cliniciúil ar staid mheabhrach an duine

Tá an duine thuasainmnithe curtha ar an eolas agam maidir le cúis an scrúdaithe; Tá ☐ Níl ☐

Áit a ndeirtear "Níl", dearbhaímse, _____ (ainm) go bhfuil eolas den chineál sin ceilte mar go mbeadh drochthionchar ag soláthar eolais den chineál sin ar fholláine nó ar shláinte meabhrach nó ar riocht mothúchánach an duine.

Ní duine mé atá dícháilithe ó mholadh a dhéanamh (féach alt 10 (3) a bhfuil cóip de thall)

Sínithe: _____
(Liachleachtóir Cláraithe)

Dáta: ☐☐/☐☐/☐☐☐☐ Am: ☐☐:☐☐ (clog 24 uair m.sh. scríobhtar 2.41i.n. mar 14.41)

Le húsáid faoi réir an Achta Meabhair-Shláinte 2001 amháin. Bíonn pionóis i gceist má thugtar faisnéis bréagach nó míthreorach.

Is treoir amháin atá sna nótaí agus ní ráiteas cruinn atá iontu ar fhorálacha an Achta Meabhair-Shláinte 2001.

Ní shainíonn an tAcht Meabhair-Shláinte (2001) "Duine Fásta". Ciallaíonn "Leanbh" duine faoi 18 bliana d'aois seachas duine atá nó a bhí pósta. Ciallaíonn Duine Fásta aon duine nach bhfuil clúdaithe faoin sainmhíniú ar "Leanbh" san Acht.

Lánscoireann an tAcht Sláinte 2004 na Boird Sláinte. Ní mór tagairtí do Bhoird Sláinte san Acht Meabhair-Shláinte 2001 a léamh mar thagairtí do Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte.

ALTANNA AN ACHTA MEABHAIR-SHLÁINTE 2001

3- (1) San Acht seo ciallaíonn "neamhord meabhrach" tinneas meabhrach, tromnéaltrú nó míchumas suntasach intleachtúil ar neamhord meabhrach é a fhágann-

(a) go bhfuil dóchúlacht mhór ann, mar gheall ar an tinneas, ar an míchumas nó ar an néaltrú, go ndéanfaidh an duine lena mbaineann díobháil láithreach agus tromchúiseach dó féin nó di féin nó do dhaoine eile, nó

(b) (i) mar gheall ar dhéine an tinnis, an mhíchumais nó an néaltraithe, go bhfuil dochar chomh mór sin déanta do bhreithiúnas an duine lena mbaineann gur dócha, mura ndéanfaí é nó í a ghlacadh isteach in ionad ceadaithe, go dtiocfadh meath mór ar a riocht nó go gcoiscfí cóireáil chuí a thabhairt dó nó di, ar cóireáil í nach bhféadfaí a thabhairt ach amháin tríd an duine a ghlacadh isteach amhlaidh, agus

(ii) gur dócha, dá ndéanfaí an duine lena mbaineann a ghlacadh isteach, a choinneáil agus a chur faoi chóireáil in ionad ceadaithe, gur thairbhe don riocht atá ar an duine sin nó go maolófaí an riocht sin go feadh méid ábhartha.

(2) I *bhfo-alt* (1) - ciallaíonn "tinneas meabhrach" staid mheabhrach duine a fhearann ar smaointeoireacht, ar aireachtáil, ar mhothúchán nó ar bhreithiúnas an duine agus a dhéanann dochar mór d'fheidhmiú meabhrach an duine go feadh méid a fhágann go bhfuil cúram nó cóireáil liachta ag teastáil uaidh nó uaithi ar mhaithe lena leas féin nó ar mhaithe le leas daoine eile;

ciallaíonn "tromnéaltrú" meath ar inchinn duine ar meath é a dhéanann dochar suntasach d'fheidhmiú intleachtúil an duine agus, dá bharr sin, a fhearann ar smaointeoireacht, ar thuiscint agus ar chuimhne, agus ina n-áirítear tromsiomptóim shíciatracha nó diansiomptóim iompraíochta ar nós ionsaitheachta fisicí;

ciallaíonn "míchumas suntasach intleachtúil" staid ina bhfuil forbairt meabhrach duine ina stad nó neamhiomlán ar staid í ina n-áirítear dochar suntasach d'intleacht agus d'fheidhmiú sóisialach agus iompar atá, ar thaobh an duine, ionsaitheach ar shlí mhínormálta nó go han-mhífhreagrach.

4- (1) Le linn breith a thabhairt faoin Acht seo maidir le cúram nó cóireáil duine (lena n-áirítear breith chun ordú glactha isteach a dhéanamh i ndáil le duine), is é leas an duine an phríomhghné a bhreithneofar ag féachaint go cuí do leasanna daoine eile a d'fhéadfadh a bheith i mbaol díobhála tromchúisí mura dtabharfaí an bhreith.

(2) gcás ina mbeartaítear moladh nó ordú glactha isteach a dhéanamh i leith duine, nó cóireáil a thabhairt do dhuine, faoin Acht seo, tabharfar fógra don duine maidir lena bhfuil beartaithe, a mhéid is indéanta sin le réasún, agus beidh sé nó sí i dteideal uiríll a dhéanamh i ndáil leis an ábhar agus, sula dtabharfar breith ar an ábhar, déanfar breithniú cuí ar aon uiríll a dhéanfar go cuí faoin bhfo-alt seo.

(3) Le linn breith a thabhairt faoin Acht seo maidir le cúram nó cóireáil duine (lena n-áirítear breith chun ordú glactha isteach a dhéanamh ndáil le duine) tabharfar aird chuí ar an ngá le hurramú a dhéanamh i leith cheart an duine chun dínite, iomláine coirp, príobháideachta agus neamhspleáchais.

8- (1) Féadfar duine a ghlacadh isteach in ionad ceadaithe ar bhonn ainneonach de bhun iarratais faoi alt 9 nó 12 agus é nó í a choinneáil ansin ar an bhforas go bhfuil neamhord meabhrach air nó uirthi.

(2) Ní fhorléireofar aon ní i bhfo-alt (1) mar ní lena n-údaraítear duine a ghlacadh isteach in ionad ceadaithe ar bhonn ainneonach de bhíthin amháin -

(a) go bhfuil neamhord pearsantachta ar an duine,
(b) gur duine claonaíoch é nó í go sóisialta, nó
(c) go bhfuil sé nó sí ina (h)andúileach i ndrugaí nó i meiscigh.

(3) Déanfaidh an Coimisiún, ó am go ham, treoirlínte a eisiúint don fhoireann in ionaid cheadaithe ar treoirlínte iad a bhainfidh le forálacha an ailt seo.

10- (1) Nuair a bheidh liachleachtóir cláraithe sásta tar éis scrúdú a dhéanamh ar an té atá i gceist san iarratas go bhfuil neamhord meabhrach ar an duine sin, déanfaidh sé nó sí moladh (dá dtagraítear san Acht seo mar "moladh") i bhfoirm a shainíonn an Coimisiún go ndéanfaí an duine a ghlacadh isteach go hainneonach chuig ionad ceadaithe (seachas an Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar) a shainíonn sé nó sí sa moladh.

(2) Déanfar scrúdú ar an té atá i gceist san iarratas taobh istigh de 24 uair ón am a fhaightear an t-iarratas agus cuirfidh an liachleachtóir cláraithe atá i gceist an duine ar an eolas maidir leis an gcúis atá leis an scrúdú seachas má tá sé/sí den tuairim go mbeadh drochthionchar ag soláthar eolais den chineál sin ar fholláine nó ar shláinte meabhrach nó ar riocht mothúchánach an duine.

(3) Beidh liachleachtóir cáilithe, faoin alt seo, dícháilithe ó mholadh a dhéanamh i leith an té atá i gceist in iarratas—

(a) má tá leas aige nó aici sna híocaíochtaí (más ann dóibh) a bheadh le déanamh i leith chúraim an duine san ionad ceadaithe lena mbaineann,

(b) más ball é nó í d'fhoireann an ionaid cheadaithe a bhfuil an duine chun a bheith glactha isteach ann,

(c) más rud é gurb é nó í céile an duine nó más gaol leis an duine é nó í, nó

(d) más rud é gurb é nó í an t-iarratasóir.

(4) Seolfadh an liachleachtóir cláraithe lena mbaineann moladh faoi fho-alt (1) chuig stiúrthóir cliniciúil an ionaid cheadaithe lena mbaineann agus tabharfar cóip den mholadh don iarrthóir lena mbaineann.

(5) Beidh moladh a dhéantar faoin alt seo i bhfeidhm ar feadh tréimhse 7 lá ón dáta ar a ndéantar é agus rachaidh sé in éag ansin.